**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile*

**2022/2124(DEC))**

2.32023

# TUAIRIM

ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

chuig an gCoiste um Rialú Buiséadach

maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na Ghníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta don bhliain airgeadais 2021
2022/2124(DEC))

Rapóirtéir don tuairim: Saskia Bricmont

PA_NonLeg

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile ar an gCoiste um Rialú Buiséadach, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. á chur in iúl gur geal leis toradh Thuarascáil Bhliantúil Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (an 'Chúirt') ar Ghníomhaireachtaí an Aontais don bhliain airgeadais 2021[1], ina sonraítear go léirítear go cothrom staid airgeadais Frontex amhail an 31 Nollaig 2021 i ngach slí ábhartha i gcuntais na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta ('Frontex' nó an 'Ghníomhaireacht') don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021; á thabhairt dá haire go gcumdaítear le cuntais na Gníomhaireachta don bhliain dar críoch 31 Nollaig torthaí a oibríochtaí, a sreafaí airgid, agus na hathruithe ar a glansócmhainní, i gcomhréir lena rialachán airgeadais agus le rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin; á thabhairt dá haire, de réir a ráitis ar ioncam agus ar chaiteachas, gur mhéadaigh buiséad na Gníomhaireachta go dtí EUR 535.2 milliún (+ 46.87 %) in 2021, agus gur méadaíodh foireann na Gníomhaireachta ó 1 234 go 1 554 (+ 26 %) sa tréimhse chéanna;

2. á chur i bhfios go láidir gurb é Frontex an ghníomhaireacht díláraithe AE a fuair na méaduithe buiséid is suntasaí le blianta beaga anuas, lena thabhairt chuig €535.2 in 2021; á mheabhrú gur thosaigh Frontex le buiséad de €6 mhilliún in 2005, agus go bhfuil €741 milliún á fháil aige in 2021; á mheabhrú gur neartaíodh an Ghníomhaireacht i dtéarmaí foirne agus trealaimh theicniúil lena sainordú nua in 2019; á thabhairt dá haire freisin go bhfuil sé beartaithe an leithdháileadh buiséadach a mhéadú go dtí meán bliantúil de €900 milliún don tréimhse 2021-2027; agus á aithint a thábhachtaí atá na cúraimí agus na freagrachtaí comhfhreagracha a chuirtear ar Frontex, á mheasú nach mór don mhéadú ar an mbuiséad a bheith comhréireach agus gan dul thar a bhfuil riachtanach chun sainordú leathnaithe na Gníomhaireachta a chur chun feidhme, agus ba cheart go léireodh sé na barúlacha arna n-eisiúint ag sásraí cuntasachta chun cur chun feidhme ceart shainordú na gníomhaireachta a áirithiú, lena n-áirítear maidir le cearta bunúsacha a urramú;

3. á thabhairt dá haire an bhéim a chuireann an Chúirt ar ábhair a bhaineann le: hiontaofacht na gcuntas maidir le ríomh mícheart na ranníocaíochtaí ó thíortha neamh-AE atá mar chuid de limistéar Schengen, rud a d'fhág go raibh áibhéil de EUR 2,6 milliún ar ranníocaíocht an Aontais le buiséad Frontex agus maolaisnéis ranníocaíochtaí ó na tíortha nach bhfuil mar chuid de limistéar Schengen, iontaofacht na gcuntas maidir le tabhairt anonn go dtí 2021 de ghealltanas buiséadach dar dáta an 21 Nollaig 2020 'Bearta ullmhúcháin le haghaidh imscaradh 2021 SC Cat 1 agus 2' gan tacaíocht ó ghealltanas dlíthiúil roimh dheireadh 2020 a fháil, dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí a bhaineann le deimhniú na gcuntas, i gcás ina ndearbhaíonn an tOifigeach Cuntasaíochta go bhfuil easpa faisnéise riachtanaí ann chun córas nua a bhailíochtú arna leagan síos ag an oifigeach údarúcháin agus a úsáidtear chun faisnéis chuntasaíochta a sholáthar; ag cur sonrú i mbarúlacha na Cúirte maidir le córais bhainistíochta agus rialaithe sa Ghníomhaireacht; á thabhairt chun suntais nach mór an conradh a tugadh chun críche ag deireadh mhí na Nollag 2021 le conraitheoir aonair chun seirbhísí taistil

[1] https://www.eca.europa.eu/Lists/ECADocuments/AGENCIES_2021/AGENCIES_2021_GA.pdf

a sholáthar lena n-áirítear imscaradh an bhuanchóir a chur ar fionraí i mí Feabhra 2022 agus gur cuireadh deireadh leis i mí na Bealtaine 2022 mar gheall ar chomhlíonadh mícheart an chonartha;  á thabhairt dá haire, ina theannta sin, tuairim na Cúirte go bhféadfadh an Ghníomhaireacht na ceanglais maidir le hacmhainn theicniúil, ghairmiúil agus airgeadais a shocrú ar leibhéal níos airde chun neamhchosaint ar riosca den sórt sin a sheachaint;

4. ag tabhairt dá haire gur thug an Chúirt faoi deara go raibh laigí sna nósanna imeachta earcaíochta, rud a bhaineann an bonn de phrionsabail na trédhearcachta agus na córa comhionainne do na hiarrthóirí; á thabhairt dá haire gur chinn an Chúirt, in dhá nós imeachta earcaíochta iniúchta, gur chuir na coistí roghnúcháin meán uimhríochtúil mheasúnuithe aonair a gcomhaltaí i bhfeidhm, in ionad an mhodha chomhthoiliúil a fhorordaítear i dtreoirlínte inmheánacha na Gníomhaireachta; á thabhairt dá haire, thairis sin, nach raibh caighdeán nó treoracha soiléire ann do chomhaltaí an choiste roghnúcháin chun na critéir roghnúcháin aonair a mheasúnú. ag aithint go mbaineann na laigí sin an bonn ó phrionsabail na trédhearcachta agus na córa comhionainne do na hiarrthóirí i nósanna imeachta earcaíochta agus d’fhéadfaidís Frontex a fhágáil faoi lé rioscaí clú agus dlíthiúla; á thabhairt chun suntais freisin gur admhaigh Frontex go bhféadfaí feabhas a chur ar chur chun feidhme na rialacha sainithe maidir le nósanna imeachta roghnúcháin, agus gur sholáthair an Ghníomhaireacht treoracha níos soiléire do chomhaltaí an choiste roghnúcháin i mí Eanáir 2022 d’fhonn nósanna imeachta comhchuibhithe agus measúnuithe níos comhsheasmhaí d’iarrathóirí a áirithiú.

5. á athdhearbhú gur cúis mhór imní dí tuairiscí sna meáin i mí Lúnasa 2022 ar dá réir a bhain an Ghníomhaireacht leas as conraitheoir a líomhnaítear gur bhain sé leas as idirghabhálaithe cultúrtha, ag tairiscint dálaí oibre dóibh lena sáraítear caighdeáin Eorpacha maidir le pá agus coinníollacha oibre; á chur i bhfios go bhfuil achainí tionscanta ag idirghabhálaithe cultúrtha i ndáil leis sin chomh maith lena ngearán chuig an Ombudsman Eorpach; á thabhairt chun suntais freagraí Frontex do na meáin go ndearna an Ghníomhaireacht teagmháil leis an gconraitheoir tar éis na hachainí chun a gcuid oibleagáidí a mheabhrú dóibh; á chur in iúl gur saoth leis nach bhféadfaí faisnéis faoi chur chun feidhme an chonartha agus faoi urramú choinníollacha na n-oibrithe a fháil san fhaisnéis a chuir an Ghníomhaireacht ar fáil don Pharlaimint;

6. á chur in iúl gur oth léi na laigí tromchúiseacha rialaithe inmheánaigh i bpróiseas tarmligin, i rialuithe ex-ante agus i nósanna imeachta soláthair na Gníomhaireachta, ach ag aithint gur ceartaíodh saincheisteanna a bhaineann leis an bpróiseas tarmligin in 2022 nuair a síníodh tarmligean agus fo-tharmligean cumhachtaí do gach oifigeach údarúcháin; á chur in iúl gur saoth léi go raibh go leor moilleanna ar na híocaíochtaí; á thabhairt dá haire go bhfuil an Ghníomhaireacht i mbun gníomhaíochta chun dul i ngleic le saincheist na n-íocaíochtaí déanacha agus go seoltar meabhrúcháin chuig na hoifigigh údarúcháin atá freagrach as na híocaíochtaí moillithe; á thabhairt chun suntais, agus é ina ábhar imní do, nós imeachta soláthair a síníodh i mí na Nollag 2021 um sheirbhísí gníomhaireachtaí taistil a sholáthar a bhfuil imscrúdú á dhéanamh air faoi láthair ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), mar a thuairiscigh na meáin chumarsáide;  ag tabhairt dá haire cinneadh Frontex an conradh um sheirbhísí taistil a fhoirceannadh mar gheall ar easpa feidhmíochta; á thabhairt chun suntais go bhfuil Frontex i mbun próisis aistrithe faoi láthair tar éis imscrúdú OLAF ar mhíbhainistíocht na Gníomhaireachta agus éirí as a iar-Stiúrthóir Feidhmiúcháin; á iarraidh ar an

nGníomhaireacht leanúint d'aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin agus tuairisc a thabhairt don údarás um urscaoileadh ar an dul chun cinn atá déanta;

7. ag cur sonrú i ngníomhaíochtaí leanúnacha na Gníomhaireachta mar fhreagra ar bharúlacha na Cúirte ó bhlianta roimhe sin, lena n-áirítear na céimeanna ceartaitheacha chun aghaidh a thabhairt ar an riosca go ndéanfaí cistiú dúbailte ón gCiste Slándála Inmheánaí; á iarraidh ar an nGníomhaireacht leanúint de ghníomhaíochtaí ceartaitheacha a dhéanamh, lena n-áirítear beartas um phoist íogaire a ghlacadh agus a chur chun feidhme i gcomhréir lena caighdeáin rialaithe inmheánaigh féin, agus aghaidh a thabhairt ar ardleibhéal na dtabhairt anonn; agus an t-údarás um urscaoileadh a chur ar an eolas faoin dul chun cinn atá déanta ar na hábhair sin;

8. ag tabhairt dá haire gurb ionann agus 79 % an ráta líonta reatha sa Ghníomhaireacht, an ráta líonta is airde ón Rialachán nua maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach in 2019; ag aithint go bhfuil earcaíocht thráthúil agus cothromaíocht gheografach a bhaint amach fós ina ndúshláin, rud a bhaineann go príomha le ráta comhéifeacht íseal don Pholainn; á thabhairt dá haire freisin gur dúshlán don Ghníomhaireacht le fada é an ráta comhéifeacht íseal don Pholainn, rud atá níos measa le míonna beaga anuas mar gheall ar an mboilsciú is airde a taifeadadh riamh sa tír, arbh ionann agus 16,6% i mí na Nollag 2022;

9. ag tabhairt dá haire go bhfuil straitéis agus plean gníomhaíochta um chearta bunúsacha á dtarraingt suas; á chur in iúl gur oth léi na moill shuntasacha maidir le comhlíonadh na hoibleagáide a áirítear in Airteagal 110(6) de Rialachán (AE) 2019/1896 maidir le 40 duine ar a laghad den lucht faireacháin ar chearta bunúsacha a imscaradh; ag cur sonrú sa ról pearsanta a bhí ag iar-Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta sa mhoill sin chomh maith lena easpa comhair leis an Oifigeach um Chearta Bunúsacha, i gcoinne oibleagáidí arna leagan síos ag an Rialachán maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach; a mheabhrú go bhfuil an stiúrthóir feidhmiúcháin freagrach as measúnú a dhéanamh, ar bhonn bliantúil, ar cibé an bhfuil gá líon an lucht faireacháin ar chearta bunúsacha a mhéadú, i gcomhairle leis an Oifig um Chearta Bunúsacha; ag tabhairt dá haire go bhfuil líon an lucht faireacháin ar chearta bunúsacha cothrom le 46 ó lár mhí Dheireadh Fómhair i leith; á thabhairt chun suntais, mar sin féin, cé go n-earcaíodh 31 FRManna ar leibhéal AD, go bhfuil 15 fós á n-earcú ag leibhéal AST; á iarraidh ar an nGníomhaireacht agus ar an gCoimisiún teacht ar réiteach chun a chinntiú go n-earcófar gach FRM ar leibhéal AD; á iarraidh, thairis sin, go ndéanfaí aon earcaíochtaí breise FRM ar leibhéal AD amháin; á chur in iúl gur saoth léi go mór nach bhfuil acmhainní daonna leordhóthanach ag an Oifigeach um Chearta Bunúsacha fós cé go raibh méadú suntasach ar fhoireann na Gníomhaireachta; ag tathant ar an nGníomhaireacht agus ar an gCoimisiún acmhainní agus foireann leormhaithe a chur ar fáil do FRO;

10. á mheabhrú gur tháinig an Meitheal um Ghrinnscrúdú Frontex de chuid Pharlaimint na hEorpa (FSWG) ar an gconclúid, ina imscrúdú aimsithe fíoras ar Frontex, gur theip ar an nGníomhaireacht freagra leordhóthanach a thabhairt ar bharúlacha inmheánacha faoi chásanna áirithe de sháruithe dóchúla ar chearta bunúsacha sna Ballstáit; á mheabhrú freisin seasamh FSWG ar dá réir ba cheart go mbeadh ról i bhfad níos réamhghníomhaí ag Bord Bainistíochta Frontex chun an riosca tromchúiseach a bhaineann le sáruithe ar chearta bunúsacha a aithint; ag tabhairt dá haire gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta a rinneadh mar thoradh ar mholtaí FSWG, agus á iarraidh ar an nGníomhaireacht

tuairisciú rialta a dhéanamh ar an dul chun cinn i ndáil lena gcur chun feidhme;

11. á chur i bhfáth gur foláir dlúthbhaint a bheith ag rannpháirtíocht dhíreach agus indíreach Frontex i ngníomhaíochtaí bainistíochta teorann agus faireachais teorann le sáruithe ar chearta bunúsacha a chosc agus a chomhrac, agus le comhlíonadh phrionsabal an non-refoulement a chinntiú, i gcomhréir le acquis an Aontais; á iarraidh ar Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta struchtúir mhaoirseachta inmheánacha a neartú tuilleadh, agus á athdhearbhú a thábhachtaí atá sé athbhreithniú agus rialú leanúnach a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na foirne bainistíochta, chun aon staideanna míbhainistíochta a shainaithint agus a réiteach go tráthúil, chomh maith leis na gnáth-nósanna imeachta oibríochta a chur chun feidhme chun maoiniú ghníomhaíochtaí Frontex a tharraingt siar, nó gníomhaíochtaí Frontex a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh i gcásanna ina n-eascraíonn rioscaí den sórt sin; á chur in iúl gur geal leis cinneadh na Gníomhaireachta an 25 Eanáir 2022 ina sonraítear gnáth-nósanna imeachta oibríochta chun Airteagal 46 de Rialachán (AE) 2019/1896 atá dréachtaithe i gcomhréir le barúlacha agus tuairimí na mBallstát agus na dTíortha Comhlachaithe Schengen, an tOifigeach um Chearta Bunúsacha, agus Fóram Comhchomhairleach Frontex um Chearta Bunúsacha;

12. ag tabhairt dá haire an leasú ar an gnáth-nós imeachta  oibríochta maidir le sásra na Tuarascála i leith Teagmhas Tromchúiseach (SIR) chun ról an Oifigigh um Chearta Bunúsacha sa phróiseas seo a shainiú; á chur i bhfáth gur cheart go n-áireofaí i ngach plean oibríochta sásra trédhearcach tuairiscithe lena n-áiritheofaí go dtuairiscítear gach teagmhas sa réimse oibríochtúil agus go ndéanfar beart leantach cuí ina leith; á chur i bhfáth gur cheart go mbeadh feidhm ag an sásra tuairiscithe seo beag beann ar an mbealach a bhfuil na sócmhainní sin á maoiniú, chun a áirithiú go bhféadfaidh Frontex, agus go háirithe an tOifigeach um Chearta Bunúsacha, faireachán a dhéanamh ar an réimse oibríochtúil iomlán agus imscrúdú a dhéanamh ar gach SIRanna nó ar chomharthaí eile de neamhchomhlíonadh;

13. ag tabhairt dá haire go bhfuil freagrachtaí comhroinnte ar an nGníomhaireacht agus ar na Ballstáit maidir le hoibleagáidí maidir le cearta bunúsacha a chomhlíonadh; ag tathant ar an nGníomhaireacht agus ar na Ballstáit struchtúir comhair, comhroinnte faisnéise agus malartú dea-chleachtas a fhorbairt níos mó;

14. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha dó gur rinneadh líomhaintí maidir le brú siar i gcomhthéacs oibríochtaí Frontex sa Liotuáin, sa Laitvia, sa Chróit, sa Bhulgáir agus sa Ghréig; ag meabhrú conclúide ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) nach bhfuil cinntí um fhilleadh arna n-eisiúint ag údaráis na hUngáire ag luí le Treoir 2008/115/CE agus le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (Cairt); á thabhairt dá haire go ndearna Frontex fíoruithe agus gur tháinig sé ar an gconclúíd nach raibh baint ag an nGníomhaireacht riamh le fuilleadh a bhain le reachtaíocht na hUngáire ar mheas CBAE a bheith ar neamhréir le dlí an Aontais (Ionstraim náisiúnta HU LXXXIX 2007 agus Ionstraim LVIII 2020); á thabhairt dá haire go n-éilíonn an Ghníomhaireacht ar an Ungáir, agus tacaíocht Frontex á hiarraidh aici, séantaí speisialta a bhaineann le gnéithe nós imeachta a dhearbhú; á thabhairt dá haire freisin gur mhéadaigh an Ghníomhaireacht gníomhaíochtaí faireacháin ar chinntí um fhilleadh de chuid na hUngáire agus gur neartaigh sí comhairliúchán agus comhar leis an Oifig um Chearta Bunúsacha maidir leis an Ungáir; á éileamh ar an nGníomhaireacht faireachán

géar a dhéanamh ar chur chun feidhme ceart na nósanna imeachta um fhilleadh ag údaráis na hUngáire agus a áirithiú go n-urramaítear cearta bunúsacha i gcinntí um fhilleadh a dhéantar le cúnamh Frontex, i gcomhréir le moltaí an Oifigigh um Chearta Bunúsacha;

15. á mheabhrú gur chinn CBAE, ina breithiúnas an 30 Meitheamh 2022, go bhfuil reachtaíocht na Liotuáine lena gceadaítear cosaint idirnáisiúnta a dhiúltú agus iarratasóirí a chur faoi choinneáil go huathoibríoch ar an aon chúis amháin gur thrasnaigh siad an teorainn go neamhrialta, ar neamhréir le dlí an Aontais; á thabhairt dá haire nach raibh Frontex rannpháirteach ná ag tacú leis an Liotuáin maidir le faireachas teorann amhail ó mhí Iúil 2022; á thabhairt dá haire, áfach, gur lean an Ghníomhaireacht dá hoibriúchán sa Liotuáin, le gníomhairí ag obair ar sheiceálacha teorann, fiú tar éis bhreithiúnas CBAE; á iarraidh ar an nGníomhaireacht a fhíorú nach bhfuil baint aici le gníomhaíochtaí a bhaineann le reachtaíocht na Liotuáine ar dhearbhaigh CBAE í a bheith ar neamhréir le dlí an Aontais, agus staonadh ó bheith rannpháirteach in aon oibríochtaí nach bhfuil ag luí le dlí an Aontais;

16. á thabhairt dá haire go bhfuil an Líonra Dlíodóirí um Dhul Chun Cinn (Front-LEX) agus an lucht faireacháin Heilsincí de chuid  na Gréige tar éis caingean dlí a thíolacadh os comhair CBAE i gcoinne Frontex thar ceann beirt iarrthóirí ar thearmann; á thabhairt dá haire gur iarradh ar CBAE a chinneadh ar theip ar Frontex gníomhú i gcomhréir le hAirteagal 46(4) de Rialachán na Gníomhaireachta trí staonadh ón gcinneadh maoiniú a ghníomhaíochtaí uile nó cuid dá ghníomhaíochtaí i réigiún na Mara Aeigéiche a tharraingt siar, iad a chur ar fionraí nó iad a fhoirceannadh go hiomlán nó go páirteach; á iarraidh ar an nGníomhaireacht gach doiciméadacht ábhartha maidir leis seo a sholáthar do Pharlaimint na hEorpa, lena n-áirítear tuairim an Oifigigh um Chearta Bunúsacha an 1 Meán Fómhair 2022, SIRanna ó 2021 agus 2022 chomh maith le faisnéis faoin imscrúdú ar chás idirghabhálaí cultúrtha na Gníomhaireachta a díbríodh go héigeantach chuig an Tuirc le 130 náisiúnach tríú tír ar a laghad, mar a tuairiscíodh don Bhord Bainistíochtai i mí na Samhna 2021 ;

17. á chur in iúl gur díol sásaimh di, tar éis tuairimí agus moltaí an Oifigigh um Chearta Bunúsacha maidir lena mheasúnú ar an staid sa Ghréig, go ndeachaigh an t-iar-Stiúrthóir Feidhmiúcháin  eatramhach agus an tOifigeach um Chearta Bunúsacha i ngleic leis na húdaráis Heilléanacha i ngníomhaíochtaí oibríochtúla a rinneadh sa Ghréig; á thabhairt dá haire gur dhréachtaigh na húdaráis Heilléanacha, de bharr na bpléití sin, Plean Cur Chun Feidhme chun na cosaintí a chur i bhfeidhm, rud a d’aithin an Bord Bainistíochta mar ghnóthachtáil mhaith;

18. á athdhearbhú gur cúis mhór imní di gur tháinig na torthaí sin amach ó thuarascáil OLAF an 15 Feabhra 2022 maidir le himscrúduithe ar Frontex agus maidir le mí-iompar roinnt daoine aonair atá fostaithe ag an nGníomhaireacht  , agus á chur in iúl gur ábhar díoma di amach is amach gur tharla an t-iompar agus na gníomhaíochtaí a bhfuil cur síos déanta orthu sna torthaí agus nach raibh aon chuntasacht i gceist; á thabhairt dá haire gur léirigh tuaracálacha sna meáin torthaí imscrúdaithe OLAF, agus go háirithe mí-iompraíocht thromchúiseach iarfhostaithe aonair a bheith ann, chomh maith le trí phríomhcheist eile, eadhon gur cuireadh cosc ar an Oifigeach um Chearta Bunúsacha rochtain a fháil ar fhaisnéis oibriúcháin, an fhíric nár sannadh an tOifigeach um Chearta Bunúsacha mar láimhseálaí cásanna do thuarascálacha ar theagmhais thromchúiseacha

ina raibh sáruithe líomhnaithe ar chearta bunúsacha, agus an fhíric gur thug na daoine aonair a rinne OLAF imscrúdú orthu neamhaird ar bhaill foirne a thuairiscigh teagmhais thromchúiseacha don ordlathas; á chur in iúl gur saoth léi go mór an mhoill fhada maidir le rochtain a dheonú ar Fheisirí de chuid Pharlaimint na hEorpa chomh maith le comhaltaí den lucht ardbhainistíochta agus an tOifeagach um Chearta Bunúsacha ar thuarascáil OLAF; á thabhairt dá aire go bhfuil an tuarascáil eisithe ag roinnt eagraíochtaí meán i mí Dheireadh Fómhair 2022 á mheas gur cheart torthaí thuarascáil OLAF ar ábhar ar díol spéise poiblí iad a phoibliú a luaithe is féidir, agus Rialachán (AE, Euratom) 2020/2223 agus na ceanglais dhlíthiúla go léir maidir le cosaint sonraí íogaire agus cosaint chearta na ndaoine lena mbaineann á n-urramú; á chur i bhfios go láidir go raibh an cinneadh gan tuarascáil OLAF ar ghníomhaíochtaí Frontex a chur ar fáil go pras do gach Feisire de Pharlaimint na hEorpa ag teacht salach ar an ngá atá le grinnscrúdú daonlathach ar fhreagrachtaí na Gníomhaireachta as sáruithe ar chearta an duine; á chur i bhfios go bhfuiltear ag súil go gcuirfear dhá thuarascáil bhreise OLAF i láthair i rith na bliana seo i ndáil le Frontex; á iarraidh ar OLAF na tuarascálacha atá le teacht ar Frontex a chur ar fáil go pras d’Fheisirí Pharlaimint na hEorpa nuair a bheidh siad tugtha chun críche;

19. ag tabhairt dá haire, agus is cúis imní dó na tuarascálacha sna meáin maidir le leathnú an Chláir um Phróiseáil Sonraí Pearsanta le haghaidh Anailíse Riosca (PEDRA), as a dtiocfaidh bailiú ionsáiteach sonraí pearsanta ó imircigh agus ó dhídeanaithe le cur le bunachair shonraí choiriúla Europol; á thabhairt dá haire ó fhreagra na Gníomhaireachta go raibh an tionscadal curtha i bhfeidhm idir 2015 agus 2017; ag tabhairt dá haire cinntí 56/2021, 68/2021 agus 69/2021 Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta, tar éis dó tuairimí an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí (MECS) maidir le rialacha cosanta sonraí na Gníomhaireachta a fháil, a bhí mar bhonn le Plean Gníomhaíochta á ullmhú ag Oifigeach Cosanta Sonraí na Gníomhaireachta chun moltaí MECS a chur i bhfeidhm; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar an staid sin agus a áirithiú go gcomhlíonfar go hiomlán rialacha cosanta sonraí an Aontais; á iarraidh ar an nGníomhaireacht dul i gcomhairle go rialta le MECS agus an t-údarás um urscaoileadh a choinneáil ar an eolas faoi stádas agus faoi dhul chun cinn an athchóirithe;

20. ag tabhairt dá haire go raibh na fadhbanna tromchúiseacha a dhéanann difear do shásraí maoirseachta inmheánacha Frontex agus easnaimh thromchúiseacha na Gníomhaireachta maidir le cosaint na gceart bunúsach d’iarrthóirí tearmainn agus imirceach, trédhearcacht, cosaint sonraí, agus gnéaschiapadh líomhnaithe laistigh de Frontex Ghníomhaireacht ba chúis le Parlaimint na hEorpa ag diúltú d’urscaoileadh bhuiséad 2020 na Gníomhaireachta;

21. á thabhairt dá haire na bearta a ghlac an Ghníomhaireacht chun an cultúr bainistíochta a fheabhsú agus chun folláine na foirne a chur chun cinn, lena n-áirítear cinnteoireacht a dhílárú chun freagracht agus úinéireacht cinntí a dháileadh, idirphlé oscailte a spreagadh trí chruinnithe Bainistíochta na Gníomhaireachta, straitéis chuimsitheach inmheánach cumarsáide a fhorbairt, foireann cumarsáide inmheánaí a neartú, líonra na gComhairleoirí Iontaoibhe a mhéadú, a bhfuil sé mar aidhm acu cultúr oibre atá sábháilte agus cuimsitheach a chothú, arb áit é ina bhfuil neamhfhulaingthe ar chiapadh, leithcheal nó iompar míchuí; á chur in iúl gur geal dó freisin cinneadh an Bhoird Bainistíochta i mí Iúil 2022 maidir le hoibleagáidí an Bhoird Bainistíochta agus an Stiúrthóra Feidhmiúcháin an Fóram Comhairliúcháin a chur ar an eolas maidir le bearta

leantacha ar a mholtaí agus a áirithiú go ndéanfar beart maidir le moltaí an Oifigigh um Chearta Bhunúsacha; á chur in iúl gur geal leis bunú Acmhainn Iniúchóireachta Inmheánaí agus glacadh an Chairt Iniúchta inmheánaí; á thabhairt dá haire go bhfuiltear ag súil leis an gcéad iniúchadh inmheánach ón Acmhainn Iniúchóireachta Inmheánaí do R-4 2022 - R-1 2023, lena ndírítear ar chóid iompair Frontex; ag tabhairt dá haire neartú Oifig Cigireachta agus Rialaithe na Gníomhaireachta;

22. ag aithint na bearta éagsúla a rinne an bhainistíocht eatramhach chun a cuid gníomhaíochtaí agus caighdeáin a fheabhsú le roinnt míonna anuas; á mheabhrú, áfach, go gcáineann Parlaimint na hEorpa arís agus arís eile maidir le mainneachtain na Gníomhaireachta, faoin iarcheannaireacht feidhmiúcháin, cearta bunúsacha na n-imirceach agus na n-iarrthóirí tearmainn a chosaint, go háirithe i measc tuarascálacha iomadúla agus imscrúduithe iriseoireachta ar a comhpháirteachas i mbrú siar neamhdhleathach, as ar eascair éirí as an iar-stiúrthóra feidhmiúcháin; á athdhearbhú nár cheart go dtarlódh an staid sin arís;

23. á mheabhrú go bhfuil an Ghníomhaireacht cuntasach do Pharlaimint na hEorpa agus go bhfuil sé beartaithe ag an Parlaimint a áirithiú go rannchuideoidh an Ghníomhaireacht le cur i bhfeidhm leanúnach agus aonfhoirmeach dhlí an Aontais, lena n-áirítear acquis an Aontais maidir le cearta bunúsacha, go háirithe an Chairt; á thabhairt chun suntais, chun an sprioc sin a bhaint amach, go bhfuil gá le comhar feabhsaithe le Bord Bainistíochta Frontex trí thrédhearcacht, cuntasacht agus maoirseacht dhaonlathach na Gníomhaireachta a áirithiú;

24. á athdhearbhú nach mór d’inniúlachtaí agus buiséad méadaithe na Gníomhaireachta a bheith ag gabháil le méadú comhfhreagrach ar chuntasacht agus ar thrédhearcacht, chomh maith le cearta bunúsacha a urramú agus a chosaint go hiomlán; á chur i bhfáth go bhfuil deonú urscaoilte maidir le cur i bhfeidhm bhuiséad na Gníomhaireachta ag brath ar a leithéid de chuntasacht agus de thrédhearcacht, agus comhlíonadh cearta bunúsacha; ag tabhairt dá haire, maidir leis seo, bunú Chlár Poiblí de Dhoiciméid á thabhairt dá haire gur neartaíodh an Oifig um Thrédhearcacht chun líon méadaitheach na n-iarratas ar rochtain phoiblí ar dhoiciméid a phróiseáil go tráthúil;

25. ag tabhairt dá haire cinneadh an Bhoird Bainistíochta ag a chruinniú urghnách an 20 Nollaig 2022, an tUasal Hans Leijtens a cheapadh ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin nua ar an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta; ag spreagadh na Gníomhaireachta chun dlús a chur leis na hiarrachtaí leanúnacha agus na gníomhaíochtaí go léir is gá a dhéanamh chun a áirithiú go n-urramófar go hiomlán caighdeáin an Aontais, go háirithe i réimsí na bainistíochta buiséadaí agus airgeadais, na gceart bunúsach, cultúr na heagraíochta agus na trédhearcachta; ag iarraidh ar an nGníomhaireacht an athuair treochlár mionsonraithe a thíolacadh maidir leis an gcaoi a bhfuil sé beartaithe aici na hábhair imní atá fós gan réiteach a chomhlíonadh, mar aon le creat ama soiléir agus mionsonraithe do na gníomhaíochtaí sin, chomh maith le gníomhaíochtaí ceartaitheacha a chur i gcrích chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní go léir arna n-ardú ag an Ombudsman Eorpach, ag FSWG na Parlaiminte agus ag an bhFóram Comhairliúcháin; á iarraidh ar an nGníomhaireacht na hathchóirithe is gá a chur chun feidhme go hiomlán, tar éis Stiúrthóir Feidhmiúcháin neamheatramhach a cheapadh freisin, agus tuairisc a thabhairt don údarás um urscaoileadh faoin dul chun cinn atá déanta;

# FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 1.3.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 54<br>–: 10<br>0: 0 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Magdalena Adamowicz, Abir Al-Sahlani, Malik Azmani, Katarina Barley, Pietro Bartolo, Vladimír Bilčík, Vasile Blaga, Ioan-Rareş Bogdan, Karolin Braunsberger-Reinhold, Patrick Breyer, Saskia Bricmont, Patricia Chagnon, Caterina Chinnici, Clare Daly, Lena Düpont, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Maria Grapini, Sylvie Guillaume, Andrzej Halicki, Evin Incir, Sophia in 't Veld, Patryk Jaki, Marina Kaljurand, Assita Kanko, Fabienne Keller, Łukasz Kohut, Moritz Körner, Alice Kuhnke, Jeroen Lenaers, Juan Fernando López Aguilar, Erik Marquardt, Nuno Melo, Maite Pagazaurtundúa, Karlo Ressler, Diana Riba i Giner, Birgit Sippel, Sara Skyttedal, Vincenzo Sofo, Tineke Strik, Ramona Strugariu, Annalisa Tardino, Tomas Tobé, Yana Toom, Milan Uhrík, Tom Vandendriessche, Jadwiga Wiśniewska, Javier Zarzalejos |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Susanna Ceccardi, Gwendoline Delbos-Corfield, Loucas Fourlas, Beata Kempa, Philippe Olivier, Dragoş Tudorache, Petar Vitanov, Tomáš Zdechovský |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Gheorghe Falcă, Jean-François Jalkh, Petra Kammerevert, Marisa Matias, Martina Michels, Ljudmila Novak, Stanislav Polčák, Mick Wallace, Bernhard Zimniok |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 54 | + |
|---|---|
| ID | Susanna Ceccardi, Patricia Chagnon, Jean-François Jalkh, Philippe Olivier, Annalisa Tardino, Tom Vandendriessche, Bernhard Zimniok |
| EPP | Magdalena Adamowicz, Vladimír Bilčík, Vasile Blaga, Ioan-Rareş Bogdan, Karolin Braunsberger-Reinhold, Lena Düpont, Gheorghe Falcă, Loucas Fourlas, Andrzej Halicki, Jeroen Lenaers, Nuno Melo, Ljudmila Novak, Stanislav Polčák, Karlo Ressler, Sara Skyttedal, Tomas Tobé, Javier Zarzalejos, Tomáš Zdechovský |
| Renew | Abir Al-Sahlani, Malik Azmani, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Sophia in 't Veld, Fabienne Keller, Moritz Körner, Maite Pagazaurtundúa, Ramona Strugariu, Yana Toom, Dragoş Tudorache |
| S&D | Katarina Barley, Pietro Bartolo, Caterina Chinnici, Maria Grapini, Sylvie Guillaume, Evin Incir, Marina Kaljurand, Petra Kammerevert, Łukasz Kohut, Juan Fernando López Aguilar, Birgit Sippel, Petar Vitanov |
| Verts/ALE | Patrick Breyer, Saskia Bricmont, Gwendoline Delbos-Corfield, Alice Kuhnke, Erik Marquardt, Diana Riba i Giner, Tineke Strik |

| 10 | - |
|---|---|
| CLE | Patryk Jaki, Assita Kanko, Beata Kempa, Vincenzo Sofo, Jadwiga Wiśniewska |
| NI | Milan Uhrík |
| An Chlé | Clare Daly, Marisa Matias, Martina Michels, Mick Wallace |

| 0 | 0 |
|---|---|
| | |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh